

Comhordaitheoir Idirchaidrimh Pobail

Eolas faoin nGnólacht

Tacaíonn SmartBay Ireland le bainistíocht agus cur chun cinn Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaithe SmartBay chun gléasanna Fuinneamh Aigéin agus braiteoirí muirí a thriail agus a bhailíochtú.

Eolas faoin Ról

Beidh an Comhordaitheoir Idirchaidrimh Pobail freagrach as an idirchaidreamh pobail agus na gníomhaíochtaí gaolmhara go léir a chomhordú do Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaithe SmartBay agus chun tacaíocht tionscadail a sholáthar d'fhoireann SmartBay. Éascóidh an t-iarrthóir rathúil cumarsáid idir cónaitheoirí, grúpaí pobail, scoileanna, gnólachtaí áitiúla agus páirtithe leasmhara le tuiscint agus tacaíocht áitiúil a mhéadú do Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaithe SmartBay.

Beidh an post bunaithe laistigh de cheantar áitiúil an Spidéil/ na bhForbacha.

Téarma: 1 bhliain ar dtús (is féidir síneadh 2 bhliain sa bhreis a chur leis an gconradh, a fhad agus a bhíonn cistiú ar fáil)

Taithí agus Cáilíochtaí

- Céim nó taithí chomhionann i bhForbairt Pobail, nó in ábhar gaolmhar.
- Taithí roimhe seo i ról forbartha pobail / rannpháirtíochta / idirchaidrimh.
- Líofacht scríofa agus ó bhéal i mBéarla agus i nGaeilge ar aon.
- Tuiscint agus taithí ar dhinimic shóisialta phobail.
- Gréasánaí taithíoch agus cruthaitheoir caidrimh
- Taithí ar chuntais mheán digiteach a bhainistiú/ láithreáin ghréasáin inmheánacha nó sheachtracha a nuashonrú
- Is fearr dá mbeadh taithí ar bhainistíocht tionscadal
- Scileanna láidre, scríofa tuarascála agus cuir i láthair
- Ceadúnas tiomána
- Inniúil in PowerPoint, Word, agus Excel

Tréithe Pearsanta

- Duine aonair dinimiciúil, solúbtha agus muiníneach a bhfuil gairm bheatha spreagúil agus dhúshlánach á lorg aige/aici i dtimpeallacht éagsúil
- A bheith in ann cumarsáid agus idirchaidreamh a dhéanamh go héifeachtach le pobail áitiúla agus páirtithe leasmhara.
- A bheith in ann bheith tuisceanach, meas a léiriú agus déileáil le coimhlint.
- Scileanna láidre cumarsáide agus idirphearsanta
- Scileanna éifeachtacha bainistíochta ama agus um beartú tosaíochta
- A bheith in ann oibriú faoi bhrú
- Aird mhaith a thabhairt ar shonraí
- Scileanna láidre dírithe ar an gcustaiméir agus éisteachta

Luach Saothair agus Sochair

Cuirfead pacáiste mealltach tuarastail ar tairiscint bunaithe ar scileanna agus taithí an iarratasóra rathúil. Chun cur isteach ar an bpost thuas, seol do CV agus litir chumhdaigh, le do thoil, chuig niamh.flavin@smartbay.ie nó sa phost chuig Niamh Flavin, Comhordaitheoir Tionscadail, SmartBay Ireland, Foras na Mara, Rinn Mhíl, Órán Mór, Gaillimh, H91 R673. Ba cheart aon fhiosrúcháin bhreise a dhéanamh le Niamh Flavin, Guthán: 0353- 91-387544. Spriocdháta d'Iarratais: 31-10-2018